

Caibidil 9

Rialachas agus Struchtúr

Caibidil 9: Rialachas agus Struchtúr

Struchtúr dlí

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta ÚMICÉ agus an 12 chomhalta seo a leanas ann an 31 Nollaig 2020:

- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte*
- Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta*
- Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta*
- Institiúid Cairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasaíochta*
- Banc Ceannais na hÉireann
- An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn*
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana agus sa Bhreatain Bheag*
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn*
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain*
- Stocmhalartán na hÉireann
- Na Coimisinéirí Ioncaim

* CCF atá i gceist leis sin

Struchtúr eagraíochtúil

Forléargas

Faoi dheireadh na bliana, bhí 30 comhalta foirne ag ÚMICÉ (2018: 29), struchtúraithe i gceithre aonad mar a leanas:

- Oibríochtaí, lena ndéantar formhaoirseacht ar fheidhmeanna maoirseachta ÚMICÉ ar an méid seo a leanas:
 - dearbhú cáilíochta ar iniúchtaí ELPanna;
 - scrúdú ar thuarascálacha airgeadais eintiteas ar leith le fáil amach an bhfuil siad i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais iomchuí; agus
 - maoirseacht ar rialáil CCFanna ar a gcomhaltaí
- Caighdeáin, Beartas agus Forbairt Eagraíochtúil, a bhain go príomha leis an méid seo a leanas:
 - caighdeáin agus treoir maidir leis an iniúcháireacht a ghlacadh in Éirinn;
 - tionscadail nuálaíochta faoi stiúir foirne a chur i ngníomh agus tacú leis na coistí iomadúla faoi stiúir foirne de chuid an Údaráis; agus
 - cumarsáid inmheánach agus láithreach na meán sóisialta.
- Forfheidhmiú, lena gcomhordaítear imscrúduithe agus

fiosrúcháin reachtúla an Údaráis; agus

- Airgeadas agus Riarachán, lena soláthraítear tacaíocht seirbhísí corparáideacha do ÚMICÉ, mar aon le Rúnaíocht a sholáthar don bhord agus do roinnt dá choistí.

Líon formheasta na foirne

Is é IAASA a chinneann líonta, gráid, agus téarmaí agus coinníollacha fhoireann ÚMICÉ le formheas an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (an tAire), rud a thugtar le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Fágann sin gur gá formheas a fháil roimh ré ón mbeirt Airí chun aon leasuithe a dhéanamh ar líon foirne formheasta ÚMICÉ. Tá líon foirne formheasta ÚMICÉ i ndeireadh na bliana, agus a líon foirne iarbhrí, leagtha amach i dTábla X.X.


Líonta foirne formheasta agus iarbhrí i ndeireadh na bliana

Grád	Formheasta	Iarbhrí
Príomhfheidhmeannach	1	1
Ceannasaithe Feidhme	5	3
Bainisteoirí Sinsearach	8	6
Cigirí agus Bainisteoirí Tionscadail	13	11
Lucht Feidhmiúcháin agus Riaracháin	16	9
Iomlán	43	30

Caibidil 9: Rialachas agus Struchtúr

Cairt eagraíochtúil

Bhí struchtúr eagraíochtúil ÚMICÉ an 31 Nollaig 2020 leagtha amach sa chart eagraíochtúil thíos.



Forléargas Airgeadais

Den chuid is mó, maoinítear ÚMICÉ trí mheascán de dheontas Stáitchiste, tobhach reachtúil ar na CCFanna, tobhach reachtúil ar ghnólaicthe iniúcháireachta ELP, agus, trí tháillí a ghearradh as seirbhísí clárúcháin. Déantar na foinsí cistiúcháin uile a rialú le forálacha an Aichta. Ina cháil mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, tugann ÚMICÉ ráitis airgeadais ar aird i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARCC) iniúchadh orthu dá réir agus taisceann le OCC iad.

B'ionann an caiteachas iomlán in 2020 agus €4.3m (2019: €4.1m) ó bhuiséad €6.1m (2019: €6.1m). Ba iad na príomhathruithe ón mbuiséad:

- tearc-chaitheamh suntasach i gcostais phárolla de réir mar a ullmhaíonn an tÚdarás dá chead formheasta;
- tearc-chaitheamh iarmhartach i gcostais ghaolmhara cosúil le caiteachas oifige agus costais taistil agus chothaithe, agus costais tacaíochta sainchomhairleoireachta; agus
- caiteachas laghdaithe breise ar chostais taistil agus chothaithe a eascraíonn as COVID-19.

Rialachas

Bord stiúrthóirí

Rialaíonn naonúr stiúrthóirí ÚMICÉ agus tá ochtar díobh sin ina stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Ceapann an tAire iad tar éis a bheith ainmnithe ag na heintitis sin atá leagtha amach thíos. Is é an taon stiúrthóirí amháin atá fágtha ná an Príomhfheidhmeannach, duine atá ceaptha ag an mbord.

Bord stiúrthóirí – comhlachtaí ainmniúcháin

Comhlacht ainmniúcháin	Ainmnithe
Aire	2
CCFanna (i gcomhpháirt le comhaontú)	2
Banc Ceannais na hÉireann	1
An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	1
Stocmhalartán na hÉireann	1
Na Coimisinéirí Ioncaim	1
Iomlán	8

Triúr den ochtar stiúrthóirí sin a fhéadfaidh a bheith ina gcomhaltaí de CCF.

Caibidil 9: Rialachas agus Struchtúr

Beathaisnéisí stiúrthóirí

Tá níos mó ná 35 bliana de thaithí rialála agus gnó ag **Martin Sisk, Cathaoirleach**. Is aturnae cáilithe é agus is é an chaoi ar chuir sé tús lena ghairm bheatha in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, bhí sé mar Chláraitheoir na gCara-Chumann 1985–2003, Leas-Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa 2003–2006, Leas-Cheann de chuid an Chóid Cosanta Tomhaltóirí 2007–2008 agus Ceann an Aonaid um Frithsciúradh Airgid, Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Smachtbhannaí Airgeadais de chuid an Bhainc Ceannais 2008–2010. Scoir sé den Bhanc Ceannais i mí Iúil 2010. Toghadh Martin chuig bord Chomhar Creidmheasa Mhullach Íde agus Dúiche i mí na Nollag 2010 agus is Stiúrthóir é go fóill. Toghadh chuig bord Chomhchumann na gComhar Creidmheasa in Éirinn é i mí Feabhra 2011 agus, ina dhiaidh sin, toghadh ina Leas-Uachtarán 2011–2013 agus ina Uachtarán 2013–2015 é. Is Stiúrthóir é go fóill. Ceapadh Martin ina Stiúrthóir ar Chúram Sláinte ÁSS i mí an Mhárta 2012 ar feadh téarma trí bliana (2012–2015) agus ceapadh ina Chathaoirleach é ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair 2012 ar feadh a raibh fágtha dá théarma. Ceapadh Martin chuig bord an Údarais um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte i mí Iúil 2015.

Chuaigh **Kevin Prendergast, Príomhfheidhmeannach**, isteach in ÚMICÉ i mí na Samhna 2016 tar éis a bheith ina Cheann Forfheidhmiúcháin le hOifig an Stiúthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, tar éis a bheith fostaithe inti ó 2005. Roimhe sin, d'oibrigh sé i Rannán na gCásanna Móra de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá roinnt blianta de thaithí aige san earnáil phríobháideach freisin lena n-áirítear roinnt blianta caite ag obair i ngnóilacht iniúchóireachta. Is Comhalta é Kevin de Chumann na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Ní hamháin go bhfuil Céim Baitsiléara agus Máistreacht aige sa Chuntasaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, tá Máistreacht san Eolaíocht aige freisin sa Cheannaireacht Feidhmiúcháin ó Ollscoil Uladh.

Is Léachtóir sa Chuntasaíocht í **Clodagh Hegarty** agus is Stiúrthóir Cúrsa í i Scoil Ghnó Ollscoil Uladh, Campas Mhic Aodha, áit a mbíonn sí ag tabhairt léachtaí go fairsing sa tuairisciú iniúchóireachta agus airgeadais. Is Stiúrthóir ar Staidéir Chomhcheangailte í freisin ag Ollscoil Uladh, Mac Aodha. Is Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte í agus is Comhairleoir Cánach Cairte í. Is iarChathaoirleach ar Choiste CCDC in Éirinn í. Sula ndeachaigh sí leis an saol acadúil, chaith Clodagh 15 bliana ag obair sa chleachtas le EY, Baile Átha Cliath agus sa chleachtadh ginearálta in *North West*.

Is abhcóide é **David Hegarty** atá ag obair mar Phríomhoifigeach in Oifig an Stiúthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Cháiligh sé ina aturnae in 2002 agus d'aistrigh sé chuig an mBarra in 2006, agus bhí sé ag cleachtadh go príomha i réimse na cosanta coiriúla agus na habhcóideachta. Tá sé cláraithe ar Rolla Abhcóidí Cleachtacha ÚRSD i seirbhís lánaimsire an Stáit. Sula ndeachaigh sé isteach in OSFC, bhí sé ina Abhcóide

Comhairleach in Oifig an Chomhairleora Dlí Pharlaimintigh mar ar chuir sé comhairle ar Choimisiún agus Seirbhís Thithe an Oireachtais agus ar choistí parlaiminteacha ar ábhair dlí bhunreachtúla, pharlaiminteacha agus riaracháin. D'oibrigh sé freisin mar oifigeach dlí i Misean Rialach Dlí an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX) agus ag an mBinse Speisialta don Liobáin sa Háig, ag obair i nDlísheomraí Breithiúna le breithiúna idirnáisiúnta agus coireacht eacnamaíoch, éilliú, mí-úsáid oifige poiblí, coireanna cogaidh agus comhcheilg chun cásanna sceimhlitheoireachta a chur i gcrích á n-éisteacht acu.

Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách agus cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta in *Athora Ireland plc* í **Aisling Kennedy** agus is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách agus cathaoirleach ar an gCoiste Riosca í ag *ECCU Assurance DAC*. Bhí an ról deireanach a bhí aici, sula ndeachaigh sí lena gairm bheatha neamhfheidhmiúcháin i mí Feabhra 2020, le *Swiss Re* mar Cheann Praghsála – Saol agus Sláinte – an Ríocht Aontaithe, Éire agus Iosrael. Ar na ról a bhí aici roimhe sin i gcaitheamh a gairme beatha sna seirbhísí airgeadais a mhair breis agus 35 bliana áirítear: Stiúrthóir Cliant ag *Mercer*, Éire, Stiúrthóir ar Ghnóthaí Gairmiúla ag Cumann na nAchtúirí in Éirinn agus Stiúrthóir san Fhorbairt Gnó ag ÁSS. Rinne sí cathaoirleacht ar an gCoiste Iniúchóireachta ag *ComReg* freisin idir 2014 agus 2016. Is Comhalta agus iarChomhalta Comhairle de Chumann na nAchtúirí in Éirinn í Aisling agus is Cleamhnaí de chuid Ghairm na hAchtúireachta, an Ríocht Aontaithe í.

Tá **Aisling McArdle** ina Ceann Rialála ag *Euronext* Baile Átha Cliath agus is comhalta í de chuid fhoireann rialála dhomhanda *Euronext*. Chuaigh sí isteach i Stocmhalartán na hÉireann in 2002 agus bhí ról rialála éagsúla aici laistigh den chuideachta le 17 mbliana anuas. Rinneadh Ceann Rialála, Baile Átha Cliath di i mí Mheán Fómhair 2018, agus tá sí freagrach as an rialáil agus as oibríochtaí a bhaineann le liostú ionstraimí airgeadais ar mhargaí *Euronext*, Baile Átha Cliath, ar fud réimse aicmí sócmhainne agus roinnt dlínsí. Tá Aisling freagrach as an rannpháirtíocht rialála le heisitheoirí agus rannpháirtithe margaidh agus le húdarais rialála intíre agus AE. Glacann sí páirt sa Lónra Rialachais Chorporáidigh Eorpach agus is iarchomhalta de chuid Ghrúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí agus Ghrúpa Faireachais na Margaí Idirnáisiúnta í. Is Ceadúnach í de chuid Chumann na nOifigeach Comhlíonta in Éirinn.

Is Cuntasóir Cairte é **Ronan Nolan** agus bhí sé ina Uachtarán ar Chuntasóirí Cairte na hÉireann in 2014/2015. Scoir sé mar pháirtneir in *Deloitte* i mí Bealtaine 2015 tar éis a bheith mar pháirtneir comhairleach sinsearach agus cathaoirleach ar an ngnóilacht.

D'oibrigh **Brendan Sheridan** [a ceapadh an 3 Eanáir 2021] sna seirbhísí airgeadais ar feadh daichead bliain san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon agus ghlac sé ról i réimse an airgeadais, na pleanála, an tuairiscithe, an chlaochlaithe gnó agus na straitéise gnó. Mar thoradh ar an aird a dhírigh sé ar an bhfiachas anásta i mbanc intíre,

Caibidil 9: Rialachas agus Struchtúr

d'aistrigh sé chuig an mBanc Ceannais in 2011 chun rannchuidiú le réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha. Ar dtús, bhí sé i gceannas ar fhoireann creidmheasa ar feadh trí bliana, ag plé leis an Triúracht ar bhonn ráithiúil agus is é a bhí i gceannas ar chigireachtaí ar an láthair, tástálacha struis agus pleananna feabhsúcháin ar fud fhorais chreidmheasa na hÉireann. Ó 2015 go 2018, bhí Brendan mar cheann fheidhm Thuairisciú Airgeadais an Bhainc Ceannais agus, le linn na tréimhe sin, d'fhorbair sé straitéis don Rannán Airgeadais. Thug sé faoi athbhreithniú ar chur chuige an Bhainc Ceannais i leith chistiú a ghníomhaíochtaí rialála agus, mar thoradh air sin, arna iarraidh sin don Leas-Rialtóir – Rialáil Stuamachta, in 2019 ghlac sé freagracht as straitéis ilbhliantúil chun deireadh a chur ar an iomlán le hualach costas rialála ar an gcáinócóir. Ina theannta sin, tá Brendan i gceannas ar chomhordú na bpróiseas pleanála agus tuairiscithe rialála bliantúil do cholún na Rialála Stuamachta de chuid an Bhainc Ceannais i ról a chuimsíonn go loighciúil anois gníomhaíochtaí pleanála, buiséadaithe, tuairisciúcháin agus aisghabhála costas. Tá Brendan ina chomhalta de CCDC, agus tá Máistreacht sa Chleachtas Gnó aige.

Is Príomhoifigeach in Oifig na gCoimisinéir Ioncaim é **Daniel Sinnott** [a ceapadh an 3 Eanáir 2021] agus is é atá freagrach as anailísíocht sonraí. Sular thosaigh sé ag obair in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, bhí ról éagsúla aige in *Ding*, *Education Endowment Foundation*, agus Grúpa Comhairleach Bhostúin. Is céimí é Daniel de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Oxford

Tá comhdhéanamh an bhoird i ndeireadh na bliana agus athruithe sna stiúrthóirí sa Tuarascáil Bhliantúil deiridh leagtha amach i bhFoscríbhinn 1.

Nósanna imeachta an bhoird

Tionóla an bord cruinnithe rialta agus is féidir leis cruinnithe neamhsceidealaithe a thionól más gá. Faigheann comhaltaí an bhoird faisnéis sách luath roimh na cruinnithe sin chun gur féidir leo í a mheas agus a thuiscint i gceart.

Tá Sceideal Ábhar curtha i bhfeidhm ag an mbord, rud atá forchoimeáda go sonrach dó chun críche cinnteoireachta, lena gcumhdaítear na príomhréimsí rialachais, airgeadais, riosca agus formhaoirseachta. Tá ábhair áirithe tarmilgthe chuig Coistí boird, mar atá leagtha amach i roinn 4.5. Tá córas curtha i bhfeidhm ag an mbord freisin chun údarás a tharmligean go foirmiúil chuig an bPríomhfheidhmeannach.

Ainmnítear comhaltaí an bhoird mar stiúrthóirí ar ÚMICÉ chun gníomhú i gcomhréir leis an reachtaíocht iomchuí agus chun gníomhú chun leas ÚMICÉ agus chun é a chosaint agus a chur chun cinn. Tugann na comhaltaí boird uile breithiúnas neamhspleách ar shaincheisteanna a ndéileálann an bord leo. Tá beartas foirmiúil i bhfeidhm ag an mbord chun déileáil le coinbhleachtaí leasa a fhéadfaidh teacht chun cinn, lena n-áirítear oibleagáidí agus ceanglais maidir le nochtadh lena ndearbhaítear nach nglacfaidh stiúrthóirí páirt in aon phléití ná cinntí i leith aon choinbhleachtaí den sórt sin.

Ráiteas rialachais

Oibríonn ÚMICÉ mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta faoi fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá feidhmeanna an bhoird leagtha amach in alt 905 den Acht. Is é an bord atá freagrach as an dea-rialachas a áirithiú. Déanann sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomh-shaincheisteanna gnó uile. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh rialta laethúil ÚMICÉ le tacaíocht agus cúnamh na foirne ceannaireachta. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ceannaireachta an treo straitéiseach leathan a leagann an bord síos a leanúint, agus ní mór dóibh a áirithiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag na comhaltaí boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an Údarás, agus ar aon rioscaí suntasacha is dóigh a thiocfaidh chun cinn. Cé go bhfreastalaíonn comhaltaí den fhoireann ceannaireachta go rialta ar chruinnithe boird, gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach, is stiúrthóir, mar theagmháil dhíreach idir an bord agus feidhmeannacht ÚMICÉ.

Freagrachtaí an bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an bhoird leagtha amach sa Sceideal Ábhar atá Forchoimeáda don Bhard, sa Chód Iompair do Chomhaltaí Boird, agus i mbeartais bhoird ghaolmhara. Ar na míreanna buana a mheasann an bord áirítear:

- dearbhú coinbhleachtaí leasa;
- tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, lena n-áirítear mionsonraí ar obair na n-aonad oibríochtúil éagsúil mar aon le faisnéis airgeadais leanúnach agus cuntais bhainistíochta;
- ábhair lena bplé;
- bainistiú riosca;
- tuarascálacha ó choistí; agus
- tuarascáil an Rúnaí.

Cuirtear de cheangal ar an Údarás taifid airgeadais a choinneáil agus ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, mar a mhionsonraítear sna ráitis airgeadais.

Is é an bord atá freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhormheas. Déanann an bord faisnéis airgeadais, lena n-áirítear cuntais bhainistíochta lena mionsonraítear caiteachas iarbhir agus buiséadaithe, a mheas ag gach cruinniú sceidealaithe. Le linn na bliana, d'fhormheas an bord an clár oibre trí bliana, 2020–2022, de chuid an Úaráis freisin. Tá an bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaíocht agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an bord gurb amhlaidh a thugtar léargas i ráitis airgeadais ÚMICÉ atá fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais ÚMICÉ ag an 31 Nollaig 2020.

Caibidil 9: Rialachas agus Struchtúr

Comhdhéanamh an bhoird

Rialaíonn bord atá comhdhéanta de naonúr stiúrthóirí ÚMICÉ. Oibríonn an tÚdarás go neamhspleách ar an Rialtas agus tá cosc reachtúil ar an Aire orduithe a thabhairt don Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Féadfar comhaltaí a cheapadh ar feadh tréimhse trí go cúig bliana. Tríd is tríd, ceaptar comhaltaí ar feadh tréimhse trí bliana agus ceaptar an Cathaoirleach ar feadh cúig bliana. Tá comhdhéanamh an bhoird ag an 31 Nollaig 2020, agus gluaiseachtaí ón dáta sin i leith, leagtha amach i bhFoscúbhinn 1.

Rinne an bord meastóireacht sheachtrach ar a fheidhmíocht féin mar a thuairiscítear sna ráitis airgeadais.

Coistí an bhoird

Bhunaigh an bord roinnt coistí chun cuidiú leis a fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí a urscaoileadh. Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag na coistí uile agus tuairiscíonn siad go rialta don bhord. Tá mionsonraí i dtaobh mhandáidí agus chomhaltas na gcoistí leagtha amach thíos

Coistí Boird – mandáidí agus comhaltas

Coiste	Mandáid	Comhaltas ag an 31 Nollaig 2020
Alt 933 coistí	I gcomhréir le halt 933 Rialacháin, féadfaidh ÚMICÉ Coistí Fiosrúcháin a bhunú ó thráth go chéile chun a chinneadh cibé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon CCF a nósanna imeachta imscrúdaithe agus araíonachta formheasta nó cibé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon CCA a oibleagáidí faoi Chuid 27 den Acht.	Níorbh ann d'aon Choistí Fiosrúcháin i ndeireadh na bliana.
Alt 934 coistí	I gcomhréir le halt 934 Rialacháin, féadfaidh ÚMICÉ Coistí Imscrúdaithe a bhunú ó thráth go chéile chun a chinneadh cibé acu arbh ann nó nárbh ann do shárú féideartha ar chaighdeán arna dhéanamh ag comhalta CCF, nó chun a chinneadh cibé acu arbh fhéidir nó nárbh fhéidir go ndearna iniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta reachtúil sárúithe ar chuid 27 den Acht nó de Rialachán Iniúchóireachta AE.	Níorbh ann d'aon Choistí Imscrúdaithe i ndeireadh na bliana.
Coiste iniúchóireachta agus riosca	Faireachán ar shláine ráitis airgeadais ÚMICÉ, éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh agus bainistithe riosca ÚMICÉ agus faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas iniúchóireachta inmheánach agus seachtrach.	Aisling McArdle, Uasal (Cathaoirleach) David Hegarty, Uasal Ronan Nolan, Uasal

Caibidil 9: Rialachas agus Struchtúr

Coiste iniúcháireachta agus riosca

Tá an coiste iniúcháireachta agus riosca (CIR) comhdhéanta de thriúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus tá a théarmaí tagartha leagtha amach ina chairt, rud atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Leis an gcairt, leagtar ról agus freagrachtaí sonracha amach do CIR, lena náirítear an t-athbhreithniú ar ráitis airgeadais an Údaráis sula ndéanann an bord iad a mheas. Ar na gníomhartha a rinne CIR le linn 2020, áirítear:

- moltaí a dhéanamh maidir le maolú riosca i réimsí amhail COVID-19, Brexit, RGCS agus leochaileachtaí TFC;
- faireachán a dhéanamh ar thionchar RGCS agus na hiarrachtaí leanúnacha chun Ionstraim Reachtuil chuí a thabhairt i gcrích i ndáil le hábhair forfheidhmiúcháin an Údaráis;
- Clár oibre iniúcháireachta inmheánach trí bliana a chomhaontú, lena n-áirítear TFC, leanúnachas gnó, RGCS agus nósanna imeachta forfheidhmiúcháin;
- breithniú a dhéanamh agus deimhneacht a fháil go raibh rialuithe cuí i bhfeidhm i ndáil le risíochtaí cánach féideartha;
- clár ionduchtúcháin nua a ghlacadh do chomhaltaí CIR; agus
- meastóireacht a chur i gcrích ar a fheidhmíocht féin.

Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Déantar mionsonraí i dtaobh na dtáillí agus na gcostas a íocadh le comhaltaí a nochtadh i ráitis airgeadais an Údaráis, agus soláthraíodh don Aire iad.

Príomhathruithe pearsanra

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí pleanála, stiúrtha agus rialaithe ÚMICÉ a dhéanamh. Tá mionsonraí i dtaobh athruithe i gcomhaltas an bhoird leagtha amach i bhFoscáirbhinn 1.

Nochtuithe a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an bord freagrach as deimhin a dhéanamh de gur chomhlíon ÚMICÉ ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas leis an gCód:

- Tá anailís ar luach saothair fostaithe iomlán (lena n-áirítear tuarastail agus tairbhí eile, ach seachas ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóirí) dóibh sin a thuilleann breis is €60,000 leagtha amach i Nóta 14 de ráitis airgeadais an Údaráis;
- Tá anailís ar chostais taistil agus chothaithe leagtha amach i Nóta 16 de ráitis airgeadais an Údaráis;
- Tá anailís ar chaiteachas sainchomhairleoireachta leagtha amach i Nóta 17 de ráitis airgeadais an Údaráis;

- Níor thabhaigh an tÚdarás costais faoin gceannnteideal ‘Costais Dlí agus Socraíochtaí’ in 2020. Baineann na costais dlí uile le comhairle dhlí ghinearálta; agus
- Tá anailís ar chaiteachas fáilteachais leagtha amach i Nóta 18 de ráitis airgeadais an Údaráis.

Ráiteas comhlíontachta

Is deimhin le ÚMICÉ gur chomhlíon sé ceanglais uile an Chóid, lena n-áirítear comhlíonadh an Chóid Caiteachais Phoiblí.

Oibleagáidí rialachais agus earnála poiblí eile

Oibleagáidí dlí agus rialachais mar chomhlacht atá bunaithe faoi reacht

Tugann an Rúnaí agus Ceann na Seirbhísí Corparáideacha, atá mar an Príomhoifigeach Riosca freisin, cúnamh don bhord go príomha chun deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann ÚMICÉ a oibleagáidí dlí agus rialachais. I gcás inarb infheidhme, rannchuidíonn comhaltaí eile d'fhoireann ÚMICÉ mar is gá le comhlíontacht leanúnach ÚMICÉ maidir lena oibleagáidí.

Príomhcheanglais dlí

Shainaithin agus rinne an tÚdarás na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonann sé a oibleagáidí dlí. Tá a phríomhcheanglais dlí sainaitheanta aige mar a leanas:

- dlí na gcuideachtaí;
- reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta;
- reachtaíocht fostaíochta agus ghaolmhar;
- dlí cánach, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le soláthraithe seirbhíse áirithe ag a bhfuil Deimhnithe Imréitigh Cánach bailí;
- Achtanna Cosanta Sonraí;
- Eitic i ndlí Oifigí Poiblí; agus
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2012.

Ainmníodh ÚMICÉ chun críocha Acht na dTeangacha Oifigiúla i mí an Mheithimh 2020. Maidir le ceanglais áirithe eile atá infheidhme de ghnáth maidir le comhlachtaí reachtúla cosúil leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, na hAchtanna um Míchumas, an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus an tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, níl feidhm acu maidir le ÚMICÉ de bhua nár ceapadh é chun na gcríoch sin an tráth seo.

Caibidil 9: Rialachas agus Struchtúr

RGCS

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ag an Údarás a oibríonn leis an bPríomhfheidhmeannach chun formhaoirseacht a dhéanamh ar a oibleagáidí leanúnacha faoi RGCS.

Nochtuithe cosanta

Comhlíonann an tÚdarás an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus tá mionsonraí faoin gcaoi le nochtuithe den sórt sin a dhéanamh le fáil ar a shuíomh gréasáin. Áirítear tuairisceán bliantúil ÚMICÉ faoin Acht ag Foscríbhinn 6.

Cothromaíocht inscne i gcomhaltas an bhoird

Amhail ar an 31 Nollag 2020, bhí cúigear (56%) comhaltaí baineanna agus ceathrar (44%) comhaltaí fireanna ag an mbord, gan aon phoist le líonadh. Dá bhrí sin, bhain an bord sprioc an Rialtais amach faoi ar a laghad ionadaíocht 40% ar an dá inscne a bheith i gcomhaltas bord stáit.

I bhfianaise chineál reachtúil an phróisis ceapacháin, tá tionchar teoranta ag ÚMICÉ ar chothromaíocht inscne a chomhaltais. De réir mar a thagann téarmaí stiúrthóirí chun deiridh, déanann ÚMICÉ aon scileanna nó taithí ar leith a d'fhéadfadh a bheith tairbhiúil a mheas, agus i gcás ina dtagann siad chun cinn, tarraingíonn sé aird an Aire orthu. Chun cothromaíocht inscne a chothabháil agus le tacú leis sin ar an mbord, áireoidh ÚMICÉ amach anseo an inscne i measc na dtuairimí sin. I ndiaidh ardleibhéal athraithe in 2020, níl aon cheapacháin/athcheapacháin eile beartaithe in 2021 ná 2022.

Rinne an bord saincheisteanna leithne na héagsúlachta a mheas, lena n-áirítear an chothromaíocht inscne agus luach na difríochta a aithint, mar chuid dá phróiseas meastóireachta bliantúil. Cuimsíonn an bord meascán leathan, ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, ón earnáil tionsclaíochta agus ón saol acadúil. Ar leibhéal eagraíochtúil, oibríonn na leibhéil uile laistigh de dheighilt inscne 45%/55%, cé is moite de ghráid riaracháin inarb airde an tromlach baineann i láthair na huaire. I bhfianaise chineál an-speisialaithe a oibre, is minic a fhéachann ÚMICÉ le daoine a earcú agus a choimeád ó chohórt beag gairmithe. D'ainneoin sin, tagann fostaithe ÚMICÉ ó réimse leathan cúlraí agus is iomaí náisiúntacht a bhíonn i gceist.